www.newrymournedown.org

# Ár bhFeidhmíocht

# Ag Amharc Siar, Ag Dul Chun Cinn



Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council

Ag freastal ar an Dún agus Ard Mhacha Theas
Serving Down and South Armagh

**San Acht Rialtais Áitiúil (TÉ) 2014, leagtar amach dualgas ginearálta feabhsúcháin don rialtas áitiúil. Cuireann an t-acht iallach ar chomhairlí ceantair socruithe a bheartú d'fhonn feabhsú leanúnach a chinntiú ar a gcuid feidhmeanna.**



# Ag Amharc Siar

## Measúnú ar Fheidhmíocht 2023-24


Gach bliain, éilítear orainn Measúnú Feidhmíochta a fhoilsiú chun a thaispeáint cé acu rinneadh nó nach ndearnadh na feabhsuithe a bhí beartaithe a bhaint amach. Déanann an Measúnú Feidhmíochta an dul chun cinn a léiriú in aghaidh na 'measúnaithe ratha' reatha atá le fáil sna cáipéisí a leanas:

- **An Plean Corparáideach 2021-23**
- **An Plean um Fheidhmíocht a fheabhsú 2023-24 (lena n-áirítear na táscairí feidhmíochta agus caighdeáin)**

Rinneadh ár bhfeidhmíocht a rianú in aghaidh na spriocanna agus treochtaí thar am, agus an eochair eolais thíos á húsáid.

| Stádas | | Treocht | |
|---|---|---|---|
| ☺ | Sprioc nó cuspóir bainte amach / ar an chúrsa cheart lena bhaint amach | △ | Feabhsaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe |
| 😐 | Sprioc nó cuspóir bainte amach i bpáirt/ is dócha go mbainfear amach í/é / faoi réir ag moill | ▷ | Tá feidhmíocht cosúil leis an bhliain roimhe |
| ☹ | Níor baineadh an sprioc nó cuspóir amach / ní dócha go mbainfear amach í/é | ▽ | Laghdaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe |

# Ár gCeantar, Ár nEagraíocht, Ár bhFeidhmíocht








## Ceantar

Daonra: 182,074

Tithe: 68,398

7 dToghcheantar

41 Chomhalta Tofa

1,000+ fostaithe

Tá 88% de na cónaitheoirí sásta leis an Chomhairle

## Pobal

**Ionchas saoil:** Fir: 78.9 bliain / Mná: 82.6 bliain

**Próifíl Aoise:** 0-15 bliain: 22% / 65+ bliain: 17%

Aontaíonn 87% de na cónaitheoirí go n-éiríonn daoine ó chúlraí éagsúla go maith le chéile ina gceantar

Mothaíonn 100% de na cónaitheoirí slán sábháilte i rith an lae, agus 78% i ndiaidh thitim na hoíche

115 Scéim Faire Comharsanachta

18,407 mbeartán bia seachadta chuig teaghlaigh leochaileacha

£10.8m bronnta ar ghrúpaí tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais ó 2015 i leith

## Turasóireacht


**Idir 2018 agus 2019:**

Méadú 15% ar líon na gcuairteoirí, suas le 516,203

Méadú 21% ar an méid atá caite ag cuairteoirí suas le £83.7m

3 Limistéar Sár-áilleachta Nádúrtha

6 pháirc den 'bhratach glas' agus 3 thrá den 'bhratach gorm'






## Sláinte agus Folláin

Mothaíonn 82% de na cónaitheoirí go bhfuil siad i sláinte mhaith nó an-mhaith

Bíonn 83% de na cónaitheoirí gníomhach go fisiciúil ar a laghad uair sa tseachtain

Tá 73.5% de na custaiméirí sásta leis na sé ionad fóillíochta atá ag an Chomhairle

263k cuairt taifeadta ar chonairí pobail

Níos mó ná 500k cuairt taifeadta ar Pháirceanna Foraoise Chill Bhrónaí agus Shliabh gCuillinn taobh istigh de na 9 mí deiridh de 2023-24




## Geilleagar

Ráta fostaíochta: 61.6%

9,375 ghnó (VAT cláraithe)

Tá 14.3% den daonra 16+ nach bhfuil cáilíocht ar bith acu

90 post nua curtha chun cinn trí ghníomhaíochtaí tosaithe gnó

Tacaíodh le 351 ghnó trí chláir forbartha eacnamaíochta



## Comhshaol

Tá athchúrsáil tábhachtach do 91% de na cónaitheoirí

An fhadhb is mó dar le cónaitheoirí: salú ag madaí

Ráta athchúrsála: 50.0%

Tacaíodh le 166 ghlantachán pobail ó bhí 2020 ann

An dara leibhéal is ísle i measc Chomhairlí uile an Tuaiscirt maidir le dramhaíl a chur chuig láithreáin líonta talún



# Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht

## Léargas ar an bhliain anuraidh

| Cuspóir um Fheidhmíocht a fheabhsú | Dul chun cinn | Stádas Treocht |
|---|---|---|
| **Tacóidh muid le sláinte agus folláine mhuintir na háite trí fheabhas a chur ar ár n-áiseanna agus seirbhísí fóillíochta** | Méadú **10%** ar thinreamh taifeadta ag ionaid fóillíochta na Comhairle | △ |
| | Méadú **16.1%** ar líon na rannpháirtithe i gcláir shláinte spriocdhírithe | ☺ △ |
| | Laghdú **11%** ar líon na ndaoine óga a bhí páirteach i dtograí sláinte agus folláine spriocdhírithe | ☹ ▽ |
| | Méadú **4.1%** ar líon na mballraíochtaí in ionaid fóillíochta na Comhairle | ☺ △ |
| | **3** thionscadal caipitil fóillíochta curtha chun cinn | ☺ |
| | Méadú **116.6%** ar líon na gcuairteanna taifeadta ar chonairí pobail | ☺ △ |
| **Déanfaidh muid an geilleagar a fhás trí thacú le gnólachtaí áitiúla agus trí phoist nua a chruthú** | **90** post nua curtha chun cinn trí ghníomhaíochtaí tosaithe gnó | 😐 ▽ |
| | Tacaíodh le **12** ghnó nua fiontraíochta sóisialta agus cruthaíodh **16** phost nua fiontraíochta sóisialta | ☺ △ |
| | **90** gnóthas nua cruthaithe mar thoradh ar thacaíocht | 😐 ▽ |
| | Tacaíodh le **351** ghnó atá ann cheana féin le fás agus uaillmhianta scálaithe a chur chun cinn | ☺ △ |
| | An Feachtas *'Make it Local'* seolta | ☺ |
| **Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí dhul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus le salú ag madraí** | **25** fhógra pionóis seasta eisithe agus **19** íoctha | ☹ ▽ |
| | Tacaíodh le **19** nglantachán pobail | ☹ ▽ |
| | Méadú ar an ráta athchúrsála, go **50.0%*** | ☺ △ |
| | An dara leibhéal is ísle i measc Chomhairlí uile an Tuaisceirt maidir le dramhaíl a chur chuig láithreáin líonta talún | ☺ △ |
| | Tacaíodh le **9** dtionscadal comhshaoil *'Live Here, Love Here'* | ▽ |
| | Úinéireacht Fhreagrach Madaí curtha chun cinn ar chainéil meán sóisialta na Comhairle | ☺ |

| Cuspóir um Fheidhmíocht a fheabhsú | Dul chun cinn | Stádas Treocht |
|---|---|---|
| **Feabhsóidh muid ár n-inbhuanaitheacht agus laghdóidh muid ár dtionchar maidir le hathrú aeráide.** | **1** fheithicil amháin laistigh d'fhlít na Comhairle a bhfuil foinse breosla malartach aici | 😐 |
| | Tacaíodh le **20** pointe luchtaithe EV de chuid na Comhairle a shuiteáil | 🙂 |
| | **75%** d'Fhlít na Comhairle níos óige ná 8 mbliana | 🙂 |
| | **5** scairdeán uisce suiteáilte ar fud an Cheantair | 🙂 |
| | **2,800** crann curtha ar eastát faoi bhainistíocht na Comhairle | 🙂 |
| **Feabhsóidh muid na hamanna próiseála d'iarratais phleanála agus cásanna forfheidhmiúcháin trí Chlár Feabhsúcháin na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm** | Fuair an Chomhairle an dara líon is mó d'iarratais phleanála as a measc an 11 Chomhairle | 🙂 |
| | Mhéadaigh an t-am próiseála d'iarratais phleanála áitiúla ó **21.6** seachtain in 2022-23 go **33.7** seachtaine in 2023-24 | ☹ ▼ |
| | Mhéadaigh an t-am próiseála do mhór-iarratais phleanála ó **89** seachtaine in 2022-23 go **154.8** seachtaine in 2023-24 | ☹ ▼ |
| | Mhéadaigh líon na n-iarratas pleanála atá sa chóras le 12 mhí nó níos mó ná sin, ó **228** ag deireadh na bliana 2022-23 go **352** ag deireadh na bliana 2023-24 | ☹ ▼ |
| | Mhéadaigh líon na gcásanna forfheidhmiúcháin atá sa chóras le 12 mhí nó níos mó ná sin, ó **500** ag deireadh na bliana 2022-23 go **599** ag deireadh na bliana 2023-24 | ☹ ▼ |

*Maidir le táscairí feidhmíochta reachtúla um bhainistíocht dramhaíola, tá sonraí 2023-24 sealadach, mar go bhfoilseoidh DAERA na sonraí deimhnithe deireadh bliana i Ráithe 3 de 2024-25.

# Ag Dul Chun Cinn

## Cuspóirí um Fheidhmíocht a fheabhsú 2024-25



Gach bliain, éilítear orainn cuspóirí um fheidhmíocht a fheabhsú a leagan síos le haghaidh na seirbhísí a chuireann muid ar fáil, agus socruithe a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Leis na cuspóirí sin déantar iarracht tabhairt faoi na saincheisteanna is tábhachtaí do dhaoine áitiúla, agus tá na cuspóirí sin:

| | |
|---|---|
| **Nasctha leis an Phlean Pobail, leis an Phlean Chorparáideach agus le Pleananna Gnó Stiúrthóireachtaí** | ✔ |
| **Bunaithe ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht** | ✔ |
| **Ag teacht leis na seacht ngné straitéiseacha maidir le feabhsú** | ✔ |
| **Bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus ar a rannpháirteachas** | ✔ |

### Cuspóir 1

## Tacóidh muid le sláinte agus folláine mhuintir na háite trí fheabhas a chur ar ár n-áiseanna agus seirbhísí fóillíochta.

**An méid a fheicfidh tú:**

- Méadú go 850,000 ar na tinrimh íoctha sna sé ionad fóillíochta againn roimh dheireadh 2024-25
- Méadú go 20,000 ar an líon rannpháirtithe i dtograí sláinte spriocdhírithe
- Méadú go 10,000 ar líon na mballraíochtaí.
- 265,000 cuairt thaifeadta ar chonairí pobail
- Forbairt déanta ar roinnt tograí caipitil fóillíochta, nua-thógtha agus/nó uasghrádaithe
- Ag obair i dtreo Creidiúnú 'Leisuresafe' a fháil do na háiseanna fóillíochta laistigh ar fad

### Cuspóir 2

## Déanfaidh muid an geilleagar a fhás trí thacú le gnólachtaí áitiúla agus trí phoist nua a chruthú

**An méid a fheicfidh tú:**

- 361 phlean gnó cruthaithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair fostóirí
- Breis agus 700 rannpháirtithe i mbun gníomhaíochta faoi choimirce 'Go Succeed''
- Tacaíodh le 220 gnólachtaí reatha le fás agus forbairt agus le huaillmhianta scálaithe a chur chun cinn
- Cuireadh 170 poist chun cinn trí ghníomhaíocht le gnólachtaí nuathionscanta
- Tacaíodh le 12 fhiontar sóisialta nuathionscanta agus cruthaíodh 12 phost fiontar sóisialta
- Níos mó tacaíochta do ghnólachtaí nua agus d'iad sin atá ann cheana, chomh maith le tuilleadh deiseanna fostaíochta fud fad an Cheantair
- Leanúint ar aghaidh lena cinntiú go n-éiríonn an Ceantar níos gníomhaí agus níos rathúla ó thaobh geilleagair de

Cuspóir 3

## Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí dhul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus i gcás salú ag madaí

**An méid a fheicfidh tú:**

- Méadú ar líon na bhfógraí pionóis shocraithe arna n-eisiúint
- Úinéireacht fhreagrach madaí agus leibhéil laghdaithe de shalú ag madaí, de chaitheamh bruscair agus de dhumpáil mhídhleathach
- Deiseanna feabhsaithe chun caitheamh bruscair, agus salú ag madaí agus dumpáil mhídhleathach a thuairisciú
- Laghdú i ndiúscairt péinte ónár n-Ionaid Athchúrsála Tí
- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i nglantacháin phobail
- Ceantar níos glaine, níos glaise agus mórtas saoránaigh agus pobail feabhsaithe ann

Cuspóir 4

## Feabhsóidh muid ár n-inbhuanaitheacht agus laghdóidh muid ár dtionchar maidir le hathrú aeráide

**An méid a fheicfidh tú:**

- Straitéis na Comhairle maidir leis an Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe foilsithe
- Plean na Comhairle um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Straitéis nua de chuid Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i leith Bithéagsúlachta (2023-2030) á cur i bhfeidhm
- Crainn nua curtha
- Lorg carbóin an eastáit faoi bhainistíocht na Comhairle deimhnithe
- Bonnlíne fuinnimh in-athnuaite na Comhairle deimhnithe
- Ídiú fuinnimh fhoirgnimh na Comhairle deimhnithe
- Méadú ar líon na bhfeithiclí i bhflít na Comhairle atá níos úire agus nach bhfuil oiread truaillithe leo
- Feithiclí úra leictreacha curtha in áirithe d'fhlít na Comhairle

Cuspóir 5

## Feabhsóidh muid na hamanna próiseála d'iarratais phleanála agus cásanna forfheidhmiúcháin trí Chlár Feabhsúcháin na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm

**An méid a fheicfidh tú:**

- Seirbhís pleanála níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí
- Tréimhse phróiseála feabhsaithe maidir le hiarratais ar phleanáil áitiúil agus ar phleanáil mhór
- Tréimhse phróiseála feabhsaithe maidir le cásanna forfheidhmithe pleanála
- Laghdú ar líon na n-iarratas beo ar phleanáil agus ar chásanna forfheidhmithe sa chóras
- Lucht saothair atá cumhachtaithe agus spreagtha
- Níos mó muiníne sa chóras Pleanála
- Forbairt agus athnuachan inbhuanaithe an Cheantair

## Abair leat

Cuireann muid fáilte roimh do chuid aiseolais agus do mholtaí maidir le seirbhísí na Comhairle a fheabhsú sa todhchaí. Tá cóipeanna iomlána de na doiciméid a leanas ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin **www.newrymournedown.org**:

- **An Plean um Fheidhmíocht a fheabhsú 2024-25**
- **Measúnú ar Fheidhmíocht 2023-24**

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas.

## Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Feidhmíocht agus Feabhsú
Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Oifig an Iúir, Teach Uí Ágáin, Rae Mhuineacháin
An tIúr, Co an Dúin BT35 8DJ

Teileafón: **0330 137 4007**
Ríomhphost: **performance@nmandd.org**

0330 137 4000
info@nmandd.org
www.newrymournedown.org

facebook.com/nmdcouncil
x.com/nmdcouncil

**Oifig an Iúir**
Teach Uí Ágáin
Rae Mhuineacháin
An tIúr, Co an Dúin
BT35 8DJ

**Oifig Dhún Pádraig**
Lárionad Cathartha an Dúin
Eastát an Dúin
Bóthar an Aird Ghlais
Dún Pádraig BT30 6GQ

Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council